# ETB Dhún na nGall
## Tuarascáil Bhliantúil

# 2024






etb
Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*

# Clár Ábhar

| | |
|---|---|
| Ár bhFís | p4 |
| Ár Ráiteas Misin | p4 |
| Ár gCuid Luachanna | p5 |
| Brollach, Cathaoirleach ETB Dhún na nGall, An Clr Michael McBride | p9 |
| Réamhrá, Príomhfheidhmeannach ETB Dhún na nGall, Anne McHugh | p11 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **01** | Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall | 1.1 Feidhmeanna an Bhoird ETB:<br>1.2 Freagrachtaí an Bhoird:<br>1.3 Ballraíocht agus Cathaoirligh ETB Dhún na nGall 2024<br>1.4 Comhdhéanamh an Bhoird<br>1.5 Taifead Tinrimh ar Chruinnithe an Bhoird 2024 | p13 |
| **02** | Coistí | 2.1 Cruinnithe an Choiste Airgeadais<br>2.2 Cruinnithe an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca<br>2.3 An Coiste um Obair don Ógra | p20 |
| **03** | Bainistíocht Riosca | 3.1 Córas Rialaithe Inmheánaigh<br>3.2 Polasaí agus nósanna imeachta soláthair<br>3.3 Cánachas<br>3.4 Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 | p24 |
| **04** | Forbhreathnú ar Sheirbhísí mar atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse | 4.1 2024 Líon na Mac Léinn<br>4.2 Gníomhú ar son na hAeráide, Bainistíocht Fuinnimh agus Inbhuanaitheacht<br>4.3 Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine<br>4.4 Cothromaíocht Inscne i mballraíocht an Bhoird<br>4.5 An Ghaeilge | p28 |
| **05** | Cur i bhFeidhm Spriocanna Straitéiseacha 2024 | 5.1 Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora Bharrfheabhsú<br>5.2 Tacaíocht Foirne<br>5.3 Rialachas<br>5.4 Tosaíochtaí Straitéiseacha Sonracha | p39 |
| | Giorrúcháin | | p119 |


Optum
etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and Training Board



## Ar bhFís

--

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall - an fhoghlaim a athrú, saol na ndaoine a athrú

Faoi 2026, beidh feabhas curtha againn ar dheiseanna saoil na ndaoine i nDún na nGall, trí chuidiú leo rath a bhaint amach san oideachas agus san oiliúint.

## Ár Ráiteas Misin

Cuireann ETB Dhún na nGall deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil a chuidíonn le scoláirí a lánacmhainneacht a bhaint amach agus le cur le saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta a bpobal.

## Ár gCuid Luachanna

--

# Is eagraíocht foghlama muid. Cuirimid scoláirí ag croílár ár gcuid oibre. Tá gach rud a dhéanaimid chun freastal ar leas ár scoláirí bunaithe ar ár gcroíluachanna: sármhaitheas, comhionannas, cúram, pobal agus meas.



## Sármhaitheas

--

Déanaimid ár ndícheall sármhaitheas a bhaint amach i ngach gné dár gcuid oibre. Tá muid tiomanta do na caighdeáin cháilíochta is airde a bhaint amach fá dtaobh de theagasc, foghlaim agus measúnú inár gcláir go léir. Is mór againn nuálaíocht agus déanaimid iarracht feabhsú leanúnach a bhaint amach, agus mar sin tacaímid lenár bhfoireann dul i mbun deiseanna forbartha gairmiúla.

## Comhionannas

--

Déanaimid ár ndícheall a chinntiú go dtugtar an deis chéanna do gach scoláire páirt a ghlacadh inár gcláir oideachais agus oiliúna, cláir atá bunaithe ar mheas, ar chearta an duine agus ar éagsúlacht. Cuimsíonn ár bpobail foghlama agus oibre cine, inscne, reiligiún nó creideamh, aois, stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, ballraíocht den Lucht Siúil, claonadh gnéis, cumas agus stádas socheacnamaíoch. Mar fhostóir, is mór againn an éagsúlacht, agus tá sé mar aidhm againn go mbeidh ár bhfoirne go hiomlán uilechuimsitheach.

## Cúram

--

Tugaimid aire d'fholláine ár gcuid scoláirí agus ár bhfoireann trí thimpeallachtaí sábháilte agus fáilteacha a chruthú don fhoghlaim agus don obair. Tá cultúr againn a aithníonn agus a cheiliúrann éachtaí na scoláirí agus na foirne. Ag an am céanna, tacaímid le daoine a bhfuil dúshláin rompu ina saol.

## Pobal

--


Cuimsíonn ár bpobal ETB Dhún na nGall ár bhfoireann, ár scoláirí agus ár gcomhpháirtithe, a oibríonn le chéile chun ár gcuspóirí comhchoiteanna a bhaint amach. Tá dlúthnasc againn le pobail ar fud Dhún na nGall. Is mór againn na comhpháirtíochtaí atá forbartha againn le grúpaí pobail agus le heagraíochtaí chun buntáistí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta a thabhairt chuig an chontae.

## Meas

--

Caithimid le gach duine le meas. Tá ár gcaidrimh le scoláirí, le baill foirne agus le pobail bunaithe ar oscailteacht agus ar mhuinín. Tá meas againn ar na dlíthe agus na rialacha a rialaíonn gach gné dár gcuid oibre: oibrímid taobh istigh de chultúr cuntasachta, cothroime, macántachta agus cuimsithe.






etb
Bord Oideachais agus
Leabharlanna
Libraries
Digital Health for all
Adult Literacy for Life
ALL
hi
Healthy Ireland
#LiteracyChangesLiv

# Brollach

Cathaoirleach ETB Dhún na nGall,
An Clr Donal Coyle

## Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, tá sé de phribhléid agam an Tuarascáil Bhliantúil do 2024 a chur i láthair. Cuimsíonn an tuarascáil seo ár ngealltanais, ár n-éachtaí, agus an dul chun cinn atá déanta againn le bliain anuas fá dtaobh de sheirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar do mhuintir Dhún na nGall.

**An Clr Donal Coyle**
Cathaoirleach



I dtírdhreach oideachasúil atá ag síorathrú agus ina ndéanann ár bhfoghlaimeoirí dul chun cinn, tá ár dtiomantas do shármhaitheas go fóill daingean. Mar gheall ar thiomantas ár bhfoirne, comhoibriú ár gcomhpháirtithe, agus rannpháirtíocht ghníomhach ár bhfoghlaimeoirí, lean muid orainn ag cur deiseanna foghlama ar fáil agus ag tacú le daoine aonair a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Tarraingíonn ár dTuarascáil Bhliantúil aird ar fhairsinge agus ar dhoimhneacht ár soláthair oideachais. Léiríonn sé an raon éagsúil clár agus tionscnamh a shaibhríonn saolta ár bpobal agus a chuireann le forbairt shocheacnamaíoch an réigiúin.

Leanfaimid orainn ag tabhairt tosaíochta d'fheabhsú agus do nuálaíocht, ag iarraidh a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí oideachais ábhartha, cuimsitheach agus curtha ar fáil de réir na gcaighdeán is airde.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leo siúd ar fad a chuidigh le rathúlacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le bliain anuas – ár bhfoireann thiomanta, ár bhfoghlaimeoirí tiomanta, ár gcomhpháirtithe dílse, agus an pobal i gcoitinne. Mar gheall ar bhur gcomhiarrachtaí bhí muid in ann dúshláin a shárú, deiseanna a thapú, agus difear dearfach a dhéanamh i saol na ndaoine aonair agus i rath ár réigiún.

De réir mar a leanaimid ar aghaidh le cur i bhfeidhm ráiteas straitéise 2022- 2026, amharcaimid chun cinn le dóchas agus le tiomantas athnuaite don oideachas mar thiománaí cumhachtach fáis phearsanta, cuimsithe shóisialta agus forbartha eacnamaíochta.

# Réamhrá

Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall,
Anne McHugh

## Mar Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, is le háthas atá mé ag cur ár dtuarascáil bhliantúil atá curtha le chéile de réir fhorálacha atá leagtha amach in Alt 28 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (ETB) 2013.

Cuimsíonn sé ár n-iarrachtaí, ár n-éachtaí, agus an turas atá déanta againn le bliain anuas agus muid ag leanúint ar aghaidh ag fás agus ag forbairt. Sna leathanaigh seo, beidh an tiomantas, an nuálaíocht agus an athléimneacht a shainíonn ár n-eagraíocht soiléir agus muid ag déanamh ár ndícheall na cuspóirí atá aitheanta inár Ráiteas Straitéise 2022-2026 a bhaint amach.

I dtírdhreach d'athruithe leanúnacha, chloígh muid lenár misean chun ardchaighdeán oideachais, oiliúna agus seirbhísí don ógra a sholáthar do phobail Chontae Dhún na nGall. Spreag ár dtiomantas don sármhaitheas muid chun oiriúnú agus forbairt a dhéanamh, ag cinntiú go bhfreastalaímid ar na riachtanais éagsúla atá ag ár bhfoghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara.

Is fianaise iad ár n-éachtaí do thiomantas ár bhfoirne, do thacaíocht ár gcomhpháirtithe, agus athléimneacht ár bhfoghlaimeoirí. Le chéile, tá torthaí iontacha bainteamach againn, rud a chumasaíonn daoine aonair a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a chuireann le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch ár réigiúin.

**Anne McHugh,**
Príomhfheidhmeannach



**1.1** Feidhmeanna an Bhoird ETB
**1.2** Freagrachtaí an Bhoird
**1.3** Ballraíocht agus Cathaoirligh ETB Dhún na nGall 2024
**1.4** Comhdhéanamh an Bhoird
**1.5** Taifead Tinrimh ar Chruinnithe an Bhoird 2024

# 01

# Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

## Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach i leith stiúradh agus rialú ceart a chuid feidhmeanna i gceantar údaráis áitiúil Dhún na nGall.

Comhlíonann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0083/2024. Is é cuspóir an chóid ná chun a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall prionsabail an dea-rialachais agus na dea-bhainistíochta i bhfeidhm.

## 1.1 Feidhmeanna an Bhoird ETB

Is feidhmeanna forchoimeádta iad cinntí a ghlacann an Bord agus leagtar amach iad in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus i gCiorclán 0083/2024 Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna, le sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a fhágáil faoi dhaoine eile nuair is cuí agus de réir an Achta um Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013.

## 1.2 Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil, a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a dheimhniú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a chur i bhfeidhm chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Measann an Bord go gcuireann na Ráitis Airgeadais Bhliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid chúrsaí an Bhoird i láthair mar is ceart.

### Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, tá ar an Bhord:

**(a)** na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais an ETB a ullmhú
**(b)** breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar
**(c)** aon imeacht ábhartha ó na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú

### I rith 2024 d’fhaomh an Bord na nithe seo a leanas:

- Glacadh na Tuarascála Bliantúla
- Ráitis Airgeadais
- Glacadh an Phlean Seirbhíse Bliantúil
- Freastal údaraithe comhaltaí ag comhdhálacha
- Fáil, gabháil agus diúscairt talún nó leasa de réir rialacháin na Roinne Oideachais
- Cinntíodh gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí
- Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide

## 1.3 Ballraíocht agus Cathaoirligh ETB Dhún na nGall 2024

**Príomhfheidhmeannach:** Anne McHugh, Uasal

### Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

| Ainm | Ainmníocht | Comhlacht Ainmniúcháin |
|---|---|---|
| An Clr Donal Coyle | Cathaoirleach | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| | Leaschathaoirleach | Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas Phríomhoidí |

### An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

| Ainm | Ainmníocht | Comhlacht Ainmniúcháin |
|---|---|---|
| An tUasal Francis Coyle | Cathaoirleach | Comhalta Seachtrach |

### An Coiste Airgeadais

| Ainm | Ainmníocht | Comhlacht Ainmniúcháin |
|---|---|---|
| An tUasal Patsy McVicar | Cathaoirleach | Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí |

### Ionadaíocht agus Cruinnithe

— Is é téarma oifige ETB Dhún na nGall ná cúig bliana (2024–2029).

— Buaileann an Bord le chéile go rialta - thart ar uair amháin gach sé seachtaine. In 2024, tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire.

— Toghtar an Cathaoirleach agus an Leaschathaoirleach go bliantúil de ghnáth.

— Ceapann ETB Dhún na nGall ceathrar dá Chomhaltaí Boird nó ionadaithe ar gach Bord Bainistíochta de chuid scoileanna agus coláistí ETB Dhún na nGall do théarma oifige cúig bliana an Bhoird.

## 1.4 Comhdhéanamh an Bhoird

**Tá 21 comhalta ar an Bhord a thoghtar faoi fhorálacha Alt 30 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 mar seo a leanas**

Tá 21 Comhalta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, agus toghtar dáréag acu i ndiaidh na dtoghchán údaráis áitiúil, beirt bhaill foirne tofa, beirt ionadaithe tuismitheoirí tofa agus ceaptar an cúigear comhalta eile ag éirí as ainmniúcháin ó chomhlachtaí agus eagraíochtaí sainspéise nó eolas ar oideachas mar a shonróidh an tAire Oideachais. Tagann an Bord le chéile go rialta chun a chuid feidhmeanna forchoimeádta faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 a chomhlíonadh.

## 1.5 Taifead Tinrimh ar Chruinnithe an Bhoird 2024

**Tháinig an Bord le chéile 8 n-uaire i rith na bliana, agus leagtar amach sonraí tinrimh sa tábla thíos. Tabhair faoi deara gur bunaíodh ord nua i Meán Fómhair 2024.**

**Clár Tinrimh agus Minicíocht Chruinnithe an Phríomh-Bhoird 2024**

| Ainm an Chomhalta Boird | Comhlacht Ainmniúcháin | 26 Feabhra 2024 | 28 Márta 2024 | 27 Bealtaine 2024 | Líon Iomlán na gCruinnithe ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Clr. Donal Coyle** (Cathaoirleach) | CCDG | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| **An Clr Albert Doherty** | CCDG | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| **An Clr Gary Doherty** | CCDG | | ✓ | ✓ | 2/3 |
| **An Clr Rena Doherty** | CCDG | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| **An Clr Martin Farren** | CCDG | ✓ | | | 1/3 |
| ***An Clr Noreen Mc Garvey RIP 31.12.2024** | CCDG | | | | |
| **An Clr Martin Harley** | CCDG | ✓ | | ✓ | 2/3 |
| **An Clr Michael Mc Bride** | CCDG | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| **An Clr Terry Crossan** | CCDG | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| **An Clr John O'Donnell** | CCDG | | | | 0/3 |
| **An Clr Barry Sweeney** | CCDG | ✓ | ✓ | | 2/3 |
| **An Clr John Seamus Ó Fearraigh** | CCDG | | ✓ | | 1/3 |
| Beirt Chomhaltaí atá ina mbaill foirne. Alt 30 (l) (b) Baill Foirne tofa | | | | | |
| **An tUasal Barry Molloy** | Ainmní Foirne | | ✓ | ✓ | 2/3 |
| **Joanne Donaghy, Uasal** | Ainmní Foirne | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| Beirt Chomhaltaí ar Ionadaithe Tuismitheoirí iad. Alt 30 (l) (c) ainmnithe ag Cumann na dTuismitheoirí | | | | | |
| **An tUasal Geoffrey Browne** | Ainmní Tuismitheora | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| **Lorraine Doherty, Uasal** | Ainmní Tuismitheora | | | ✓ | 1/3 |
| 5 Comhaltaí arna gceapadh de réir Alt 30(l) (d) fho-alt (11) ó Chomhlachtaí Ainmnithe a bhfuil sainleasanna/ réimsí acu mar atá sonraithe ag an Aire. | | | | | |
| **An tUasal Patsy Mc Vicar** | Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas Phríomhoidí | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| **Lorraine Thompson, Uasal** | Obair don Ógra Éireann | ✓ | | ✓ | 2/3 |
| **An tUasal Gerard Grant** | CGFÉ | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| **Regina Grant, Uasal** | Cónaidhm na hÉireann um Míchumas | | | ✓ | 1/3 |
| **An Dr Conor Mc Tiernan** | Institiúid Aíochta na hÉireann | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |

## 1.5 Taifead Tinrimh ar Chruinnithe an Bhoird 2024 ar lean.

### Bord Nua - Ó 02 Meán Fómhair 2024

**Bord Nua - Ó 02 Meán Fómhair 2024**

| Ainm an Chomhalta Boird | Comhlacht Ainmniúcháin | 2 Meán Fómhair 2024 (1) | 2 Meán Fómhair 2024 (2) | 1 Deireadh Fómhair 2024 | 8 Samhain 2024 | 16 Nollaig 2024 | Iom-lán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 12 Comhalta tofa ag Toghcháin Údaráis Áitiúil faoi Chomhairle Contae Dhún na nGall Alt 30 (I) (a) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 | | | | | | | |
| **An Clr Fionán Bradley** | CCDG | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| **An Clr Ciaran Brogan** | CCDG | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 4/5 |
| **An Clr Brian Carr** | CCDG | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 4/5 |
| **An Clr Donal Coyle** (Cathaoirleach) | CCDG | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| **An Clr Terry Crossan** | CCDG | ✓ | ✓ | | ✓ | | 3/5 |
| **An Clr Tomás Seán Devine** | CCDG | | | ✓ | | ✓ | 2/5 |
| **An Clr Albert Doherty** | CCDG | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| **An Clr Martin Farren** | CCDG | | | | | ✓ | 1/5 |
| **An Clr Martin Harley** | CCDG | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | 4/5 |
| **An Clr Michael McBride** | CCDG | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| **An Clr Pauric McGarvey** | CCDG | ✓ | ✓ | ✓ | | | 3/5 |
| **An Clr Declan Meehan** | CCDG | ✓ | ✓ | | | ✓ | 3/5 |
| Beirt Chomhaltaí atá ina mbaill foirne. Alt 30 (I) (b) Baill Foirne tofa | | | | | | | |
| **Joanne Donaghy, Uasal** | Ainmní Foirne | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| **An tUasal Kyle Clarke** | Ainmní Foirne | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| Beirt Chomhaltaí ar Ionadaithe Tuismitheoirí iad. Alt 30 (I) (c) ainmnithe ag Cumann na dTuismitheoirí | | | | | | | |
| **An tUasal Geoffrey Browne** | Ainmní Tui-smitheora | n/a | ✓ | ✓ | ✓ | | 3/3 |
| **Lorraine Doherty, Uasal** | Ainmní Tui-smitheora | n/a | ✓ | ✓ | ✓ | | 3/3 |
| 5 Comhaltaí arna gceapadh de réir Alt 30(I) (d) fho-alt (11) Ó Chomhlachtaí Ainmnithe a bhfuil sainleasanna/ réimsí acu mar atá sonraithe ag an Aire | | | | | | | |
| **Lorraine Thompson, Uasal** | Obair d'Ógra Éireann | n/a | n/a | ✓ | | ✓ | 2/3 |
| **An tUasal Patsy McVicar** | Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomh-hoidí | n/a | n/a | ✓ | | ✓ | 2/3 |
| **An tUasal Stephen McCahill** | IPAV | n/a | n/a | ✓ | | ✓ | 2/3 |
| **Dr Joanne Gallagher** | THEA | n/a | n/a | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| **Edel Ní Chorráin, Uasal** | Foras na Gaeilge | n/a | n/a | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |

**2.1** Cruinnithe an Choiste Airgeadais
**2.2** Cruinnithe an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca
**2.3** An Coiste um Obair don Ógra

# 02

# Coistí

## 2.1 Cruinnithe an Choiste Airgeadais

**Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus tá sonraí an tinrimh leagtha amach sa tábla thíos.**

**Clár Tinrimh agus Minicíocht Chruinnithe an Choiste Airgeadais**

| Ainm an Chomhalta Boird | Sonraigh an Comhalta Inmheánach nó Seachtrach iad | 22 Feabhra 2024 | 20 Márta 2024 | 12 Samhain 2024 | 18 Nollaig 2024 | Líon Iomlán na gCruinnithe ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An tUasal Patsy Mc Vicar (Cathaoirleach) | Comhalta Inmheánach | ● | ● | ● | ● | 4/4 |
| An tUasal Conall Dunne | Comhalta Seachtrach | | | | | 0/4 |
| An tUasal Seamus Bradley | Comhalta Seachtrach | ● | ● | | | 2/4 |
| Regina Grant, Uasal | Comhalta Inmheánach | | ● | | | 1/4 |
| An Clr Gary Doherty | Comhalta Inmheánach | | | | | 0/4 |
| An Clr Martin Harley | Comhalta Inmheánach | | ● | | | 1/4 |
| Mary Doogan, Uasal | Comhalta Seachtrach | ● | | | | 1/4 |
| An tUasal Stephen McCahill | Comhalta Inmheánach | | | ● | ● | 2/4 |
| An tUasal Martin Mc Glynn | Comhalta Seachtrach | | | ● | ● | 2/4 |
| An tUasal Paul Mc Gonigle | Comhalta Seachtrach | | | ● | ● | 2/4 |
| Suzi Roarty Uasal | Comhalta Seachtrach | | | ● | ● | 2/4 |
| An Clr Martin Harley | Comhalta Inmheánach | | | ● | ● | 2/4 |
| An Clr Tomás Seán Devine | Comhalta Inmheánach | | | | ● | 1/4 |

● Bunaíodh Coiste Nua i mí Dheireadh Fómhair 2024 (Cruinnithe 12 Samhain agus 18 Nollaig)

## 2.2 Cruinnithe an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

**Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus tá sonraí an tinrimh leagtha amach sa tábla thíos.**

**Clár Tinrimh agus Minicíocht Chruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca**

| Ainm an Chomhalta Boird | Sonraigh an Comhalta Inmheánach nó Seachtrach iad | 20 Feabhra 2024 | 20 Márta 2024 | 12 Samhain 2024 | 18 Nollaig 2024 | Líon Iomlán na gCruinnithe ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An tUasal Francis Coyle (Cathaoirleach) | Comhalta Seachtrach | ● | ● | ● | ● | 4/4 |
| An tUasal Gabriel O'Donnell | Comhalta Seachtrach | ● | ● | ● | ● | 4/4 |
| An tUasal Kevin Huston | Comhalta Seachtrach | ● | ● | ● | ● | 4/4 |
| An Clr Michael Mc Bride | Comhalta Inmheánach | | ● | ● | ● | 3/4 |
| Lorraine Thompson, Uasal | Comhalta Inmheánach | ● | | | ● | 2/4 |
| An tUasal Gerard Grant | Comhalta Inmheánach | | | | | 0/4 |
| Kathleen Bonner, Uasal | Comhalta Seachtrach | ● | ● | | | 2/4 |
| An tUasal Eunan Cunnigham | Comhalta Seachtrach | ● | ● | ● | ● | 4/4 |
| Mary Doogan, Uasal | Comhalta Seachtrach | | | ● | ● | 2/4 |
| An Clr Fionán Bradley | Comhalta Inmheánach | | | ● | ● | 2/4 |

● Bunaíodh Coiste Nua i mí Dheireadh Fómhair 2024 (Cruinnithe 12 Samhain agus 18 Nollaig)

## 2.3 An Coiste um Obair don Ógra

**Leagann an Coiste um Obair don Ógra Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, a bunaíodh ar feadh Tréimhse Oifige an Bhoird faoi Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 ('an tAcht'), amach feidhmeanna gach Bord Oideachais agus Oiliúna (ETB). Tá foráil d'fheidhm an Choiste um Obair don Ógra d'ETB i bhfo-alt (j), is é sin chun: "tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú ar sheirbhísí oibre don ógra ina réimse feidhme agus cibé eolais a sholáthar a d'fhéadfadh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige a iarraidh i dtaca leis an tacaíocht."**

Éascaíonn bunú Coiste um Obair don Ógra cuntasaíocht na bhfeidhmeanna feidhmiúcháin go léir atá déanta fá dtaobh d'obair don ógra le bheith tuairiscithe don Choiste um Obair don Ógra. Dá réir sin, is é an t-aon fheidhm atá ag an Choiste um Obair don Ógra a cuireadh ar bun de réir an Achta ná feidhmeanna a dhéanann foireann an ETB fá dtaobh d'obair don ógra a chur san áireamh.

**Bhuail Coiste Óige ETB Dhún na nGall le chéile faoi dhó in 2024**

**During the year the Committee met on four occasions with details of attendance outlined in the table below.**

| Ainm an Chomhalta | Comhaltas Inmheánach/Seachtrach |
|---|---|
| **Geoffrey Browne,** Cathaoirleach | ETB Dhún na nGall |
| **Gina Grant** | ETB Dhún na nGall |
| **An Clr Donal Coyle** | ETB Dhún na nGall |
| **Lorraine Thompson,** Leaschathaoirleach | Seirbhís Óige Dhún na nGall |
| **Claire Gavigan** | Foróige |
| **Beirt scoláirí a cheaptar gach bliain** | Comhairle Óige Dhún na nGall |
| **Kevin Ferguson** | Cumann Gasóg na hÉireann |
| **An Cigire Seamus McGonigle** | An Garda Síochána |
| **Martin Keeney** | TUSLA |
| **Donal McBride** | Muintearas |
| **Martin Mongan** | Involve CTR (Seirbhís Óige don Lucht Siúil Óg) |

**3.1** Córas Rialaithe Inmheánaigh
**3.2** Polasaí agus nósanna imeachta soláthair
**3.3** Cánachas
**3.4** Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

# 03

# Bainistíocht Riosca

# Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar Bhainistíocht Riosca agus deimhníonn an Bord go bhfuil measúnú déanta ar na príomhrioscaí, ar na bearta maolaithe a bhaineann leis na rioscaí sin agus go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2024. Déanann an Bord bainistíocht ar riosca don eagraíocht le clár bainistíochta riosca struchtúrtha. Faigheann an Bord cuidiú ina fheidhm bainistíochta riosca ón Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca.

**Braitheann an Bord fosta ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) agus a thuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar aon iniúchadh seachtrach amhail iniúchadh ESF agus/nó iniúchadh ioncaim. Chomh maith leis sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha gach bliain.**

**Is mír bhuan í Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú Boird agus cuirtear na rudaí seo a leanas san áireamh:**

- Tuarascálacha riosca ón mbainistíocht shinsearach lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (POR)
- Tuarascálacha an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúchóireachta

Tá sonraí faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó na straitéisí maolaithe gaolmhara curtha san áireamh sa SIC mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

### 3.1 Córas Rialaithe Inmheánaigh

Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeachtacht an chórais fá dtaobh de rialú inmheánach agus go gcuimsítear an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, a d'fhéadfaí a athrú go dtí go gcríochnófar an iniúchóireacht sheachtrach, sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB) don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2024 a bheidh foilsithe taobh istigh de mhí amháin i ndiaidh d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste é a fháil agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

### 3.2 Polasaí agus nósanna imeachta soláthair

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus dearbhaíonn sé go gcloítear leis an pholasaí agus na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

### 3.3 Cánachas

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon ETB Dhún na nGall a oibleagáidí faoin dlí cánach.

## 3.4 Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

**Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla ETB Dhún na nGall don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tráth a fhoilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2024 ETB Dhún na nGall. Foilseoidh ETB Dhún na nGall na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.**

**Tá sonraí airgeadais fá dtaobh den mhéid seo a leanas san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla:**

— Sonraí fá dtaobh de tháillí nach táillí tuarastail iad a íoctar i leith Chomhaltaí an Bhoird a ndéantar anailís de réir catagóire táillí orthu

— Sonraí comhiomlána fá dtaobh de chúiteamh an luchta bhainistíochta is tábhachtaí arna n-anailísiú de réir na gcatagóirí seo a leanas, lena n-áirítear cúiteamh an luchta bhainistíochta san iomlán;

- Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe
- Sochair iar-fhostaíochta
- Sochair Foirceanta

— Cúiteamh don phríomhlucht bainistíochta más ann dó;

— Sonraí faoi líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaí (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá €10,000 agus €60,000 níos airde agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin fostóra iomlána.


**An Clr Donal Coyle**
Cathaoirleach
Bord Oideachais agus Oiliúna
Dhún na nGall



**4.1** 2024 Líon na Mac Léinn
**4.2** Gníomhú ar son na hAeráide, Bainistíocht Fuinnimh agus Inbhuanaitheacht
**4.3** Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine
**4.4** Cothromaíocht Inscne i mballraíocht an Bhoird
**4.5** An Ghaeilge

# 04

# Forbhreathnú ar Sheirbhísí




## Tá Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta sínithe ag ETB Dhún na nGall leis an Roinn Oideachais a rialaíonn na hoibríochtaí riaracháin agus scoileanna.

# Tá cúig iar-bhunscoil déag ann, (ceithre Ghaelscoil agus dhá Ghaelcholáiste, agus tá aon scoil déag díobh ainmnithe faoin scéim um Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS).

**Tá an tseirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) á stiúradh ag Comhaontú Straitéiseach Feidhmíochta le SOLAS. Tá naoi n-ionad FET déag ag an tSeirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) atá lonnaithe i nGort an Choirce, Gaoth Dobhair, Bun Cranncha, Gleann Gad (Cumasóige), Baile Dhún na nGall (Ardscoil agus Droim Chliabh), Leitir Ceanainn (Baile Raithin, Bóthar Chill Mhic Réanáin (Cumasóige), Bóthar na Páirce Gnó agus Bóthar an Phoirt), Béal Átha Seanaidh, Baile na nGallóglach, Cumasóige Leifir, Cumasóige Bhun Cranncha agus Srath an Urláir.**

Cuirtear cláir iar-Ardteistiméireachta ar fáil i dtrí scoil de chuid ETB: Coláiste an Earagail (Leitir Ceanainn), Gairmscoil Chaitríona (Na Cealla Beaga) agus Coláiste Ghleann na Finne (Srath an Urláir). Seachadann an tseirbhís FET Printíseachtaí, Cúrsaí Oiliúna agus oibríonn sí i gcomhar le 140+ comhlacht pobail, deonach, reachtúil agus príobháideach chun a cuid clár agus seirbhísí a sheachadadh ar fud an chontae, lena n-áirítear teagmháil fhairsing leis an tionscal. Cuirtear Oideachas agus Oiliúint Allamuigh ar fáil ag Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin atá suite ar eastát 87 acra.

Tugann an tSeirbhís Treorach agus Eolais d'Aosaigh eolas neamhchlaonta agus rúnda, comhairle, treoir agus comhairleoireacht do dhaoine fásta fá dtaobh de roghanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil ó ETB Dhún na nGall agus ó áiteanna eile.

Cuirtear na Cláir Seirbhísí Oibre don Aos Óg ar fáil ar fud an Chontae, ag teacht le dualgais agus freagrachtaí an ETB faoin Acht um Obair Ógra, 2001 faoi stiúir an Oifigigh Forbartha Óige.

Cuireann Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (COCDG) teagasc ceoil, teagasc gutha agus soláthar uirlisí ar fáil do dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile ar fud an chontae. Tá grúpaí oirfide ag COCDG fosta, lena n-áirítear Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall, Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall agus Ceolfhoireann Shóisearach Téaduirlisí Dhún na nGall ag seinm ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Tá ceann de na Cláir Ucailéile scoile is mó sa tír ag ETB Dhún na nGall le breis is 1,000 dalta bunscoile ina mbaill.

Cuireann an clár oideachais agus oiliúna fá dtaobh de Dhrugaí agus Alcóil cúrsaí oiliúna ar fáil do Chontae Dhún na nGall, Contae Liatroma agus Contae Shligigh agus is é a Chomhordaitheoir a dhéanann na cúrsaí a sheachadadh.

Tá cúig Chlár Críochnaithe Scoile faoi choimirce TUSLA, a dtugann ETB Dhún na nGall tacaíocht riaracháin dóibh.

Oibríonn ETB Dhún na nGall i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí éagsúla lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, an Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLDÓ), an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA), agus Údarás na Gaeltachta, i bhforbairt straitéisí ag leibhéal réigiúnach.




## Scoileanna agus Ceol




| Léarscáil Scoile – Ar dheiseal ó Bhun an Phobail | | |
|---|---|---|
| **1** | Coláiste Pobail Bhun an Phobail | Bun an Phobail |
| **2** | Coláiste Chranncha | Bun Cranncha |
| **3** | Coláiste Chineál Eoghain | Bun Cranncha |
| **4** | Coláiste Ailigh | Leitir Ceanainn |
| **5** | Coláiste Earagail | Leitir Ceanainn |
| **6** | Coláiste na Daoile | Ráth Bhoth |
| **7** | Coláiste Ghleann na Finne | Srath an Urláir |
| **8** | Gairmscoil Chú Uladh | Béal an Átha Móir |
| **9** | Gairmscoil na Mainistreach | Baile Dhún na nGall |
| **10** | Coláiste Magh Éne | Bun Dobhráin |
| **11** | Gairmscoil Naomh Caitríona | Na Cealla Beaga |
| **12** | Coláiste na Carraige | An Charraig |
| **13** | Gairmscoil Mhic Diarmada | Óileán Árainn Mhóir |
| **14** | Coláiste Phobail Cholmcille | Oileán Thoraí |
| **15** | Coláiste na Maoile Rua | Baile na nGallóglach |

| Oideachais Ceoil | | |
|---|---|---|
| **16** | Páirtíocht Oideachas Ceoil Dhún na nGall | Leitir Ceanainn |

# Ionaid FET




| Ionaid FET – Ar dheiseal ó Ghleann Gad | | |
|---|---|---|
| 1 | Ionad Ógtheagmhála | Gleann Gad |
| 2 | Ionad FET Bun Cranncha | Bun Cranncha |
| 3 | Ionad Ógtheagmhála | Bun Cranncha |
| 4 | Ionad FET Leitir Ceanainn (Bóthar an Phoirt) | Leitir Ceanainn |
| 5 | Ionad FET Leitir Ceanainn (Bóthar na Páirce Gnó) | Leitir Ceanainn |
| 6 | Coláiste Earagail (PLCs) | Leitir Ceanainn |
| 7 | Ionad Traenála Leitir Ceanainn | Leitir Ceanainn |
| 8 | Ionad Ógtheagmhála | Leitir Ceanainn |
| 9 | Ionad Ógtheagmhála | Leifear |
| 10 | Ionad FET Srath an Urláir | Srath an Urláir |
| 11 | Coláiste Ghleann na Finne (PLCs) | Srath an Urláir |
| 12 | Ionad FET Dhroim Chliabh | Baile Dhún na nGall |
| 13 | Ionad FET Ardscoil na gCeithre Máistir | Baile Dhún na nGall |
| 14 | Ionad FET Béal Átha Seanaidh | Béal Átha Seanaidh |
| 15 | Gairmscoil Naomh Caitríona (PLCs) | Na Cealla Beaga |
| 16 | Ionad Traenála Ghaoth Dobhair | Gaoth Dobhair |
| 17 | Ionad FET Gort a' Choirce | Gort a' Choirce |
| 18 | Ionad FET Baile na nGallóglach | Baile na nGallóglach |
| 19 | Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin | Mín an Lábháin |

## 4.1 2024 Líon na Mac Léinn

### Seo a leanas miondealú ar líon na mac léinn ar fud na heagraíochta le linn 2024:

| | Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil | I Ionad Oideachais agus Oiliúna Alla-muigh (IOOA) Ghartáin | Scoileanna | FET | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| 2024 | 1,608 | 7,589 | 6,089 | 18,949 | **34,235** |

## 4.2 Gníomhú ar son na hAeráide, Bainistíocht Fuinnimh agus Inbhuanaitheacht

Tá ETB Dhún na nGall i ndiaidh glacadh le Sainordú Gníomhaíochta ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí, ag gealladh laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 agus astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Éilíonn an sainordú seo ar chomhlachtaí poiblí ceannaireacht a dhéanamh trí shampla i ngníomhú ar son na haeráide, ag léiriú na n-athruithe riachtanacha chun spriocanna aeráide na hÉireann a bhaint amach. Tá ETB Dhún na nGall ag tabhairt aghaidh air seo trí thionscnaimh éagsúla, lena n-áirítear feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh, oiliúint foirne, agus fócas ar inbhuanaitheacht ina oibríochtaí agus ina oideachas.

### Forbhreathnú ar an tSainordú:

Leagann Sainordú Gníomhaíochta ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí, atá mar chuid den Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide foriomlán, amach freagrachtaí na gcomhlachtaí poiblí fá dtaobh d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn. Is gealltanas atá ina cheangal de réir dlí é do gach comhlacht poiblí a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá ailínithe le huaillmhian aeráide na hÉireann.

### Tiomantas ETB Dhún na nGall:

Tá ETB Dhún na nGall i ndiaidh glacadh leis an tSainordú, ag tuiscint a ról fá dtaobh de cheannaireacht a dhéanamh trí shampla agus ag léiriú na ngníomhartha riachtanacha chun na spriocanna náisiúnta a bhaint amach.

### Gníomhartha Sonracha:

**Tá ETB Dhún na nGall ag cur straitéisí éagsúla i bhfeidhm chun a thionchar comhshaoil a laghdú, lena n áirítear:**

— Bunú grúpa stiúrtha Aeráide, Fuinnimh agus Inbhuanaitheachta (CES) faoi stiúir ár bPríomhfheidhmeannaigh agus ionadaithe Bainistíochta Sinsearaí ó gach cearn den eagraíocht mar chuid dó. Tugann an grúpa seo ceannaireacht agus treoir dár gcuid oibre sa réimse seo.

— Bunú Grúpa Oibre Bainistíochta Fuinnimh chun díriú go sonrach ar an dóigh a dtiocfadh ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus an dóigh a dtiocfadh ár "Bearna go dtí an Sprioc", mar a thugtar air, (an méid atá le déanamh againn chun ár spriocanna a bhaint amach) a chomhlíonadh. Bhain an grúpa seo leas as ionchur agus treoir ár gcomhairleora fuinnimh atá ceaptha ag an SEAI agus tá méid ollmhór oibre déanta acu chun réimsí a aithint agus a chur in ord tosaíochta inar féidir linn feabhsuithe suntasacha a dhéanamh.

— Éifeachtúlacht Fuinnimh: Feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh a bhfoirgneamh agus a oibríochtaí. Infheistiú os cionn €300,000 go dtí seo i dtionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar ár spriocanna Gníomhaíochta Aeráide.

— Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa: Astaíochtaí gáis cheaptha teasa a bhaineann le fuinneamh a laghdú.

— Oiliúint Foirne: Oideachas agus oiliúint a chur ar fáil dá fhoireann fá dtaobh de ghníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht.

— Inbhuanaitheacht san Oideachas: Oideachas comhshaoil a ionchorprú ina churaclam agus ina chláir oiliúna.

— Soláthar Poiblí Glas a ionchorprú i gcatagóirí ábhartha.


## Tuairisciú agus Monatóireacht:

Tabharfaidh ETB Dhún na nGall tuairisc bhliantúil ar a dhul chun cinn i dtreo a spriocanna gníomhaíochta ar son na haeráide, ag baint úsáide as an gcóras Monatóireachta agus Tuairiscithe.

## Dul Chun Cinn Go Dtí Seo:

Tá ETB Dhún na nGall tiomanta dá spriocanna aeráide a bhaint amach. Ó 2024 i leith, tá feabhas 21.2% tagtha ar fheidhmíocht fuinnimh i gcomparáid leis an bhonnlíne (meán 2016–2018).

## Sprioc éifeachtúlachta fuinnimh




In 2024, bhí astaíochtaí iomlána $CO_2$ 20.3% níos ísle ná an figiúr bonnlíne de 2,311,548 $kgCO_2$. Chomh maith leis sin, de réir tháscairí feidhmíochta fuinnimh ETB Dhún na nGall, bhí astaíochtaí $CO_2$ iontaise in 2024 5.6% faoi bhun an leibhéal bonnlíne de 1,205,371 $kgCO_2$. Chun sprioc 2030 de 590,632 $kgCO_2$ a bhaint amach, tá laghdú breise 43.4% ag teastáil thar na sé bliana atá romhainn.

## Dul Chun Cinn i dTreo 2030

**Leanann ETB Dhún na nGall de dhul chun cinn seasta a dhéanamh i dtreo sprioc 2030 fá dtaobh d'fheabhas 51% ar éifeachtúlacht fuinnimh, ag baint amach méadú 5.6% ar fheidhmíocht fuinnimh ó na blianta bonnlíne, in ainneoin fás suntasach eagraíochtúil le linn na tréimhse seo.**

**Tá an feabhas seo mar gheall ar roinnt tionscnamh tábhachtach:**

- **Suiteáil Méadraithe Ola:**
  Tá méadair ola suiteáilte i roinnt foirgneamh níos mó chun rianú níos cruinne ar úsáid a chumasú. Chuidigh na sonraí seo le réimsí ard-ídithe a aithint, ag tacú le laghduithe spriocdhírithe ar úsáid ola agus ag ísliú astaíochtaí carbóin.
- **Uasghráduithe ar Bhraiteoirí Téimh:**
  Cinntíonn braiteoirí téimh uasghrádaithe i scoileanna agus in ionaid éagsúla, nach n-oibríonn córais ach amháin nuair is gá, rud a laghdaíonn dramhaíl agus a fheabhsaíonn éifeachtúlacht fuinnimh iomlán.
- **Soilsiú LED agus Braiteoirí Múchta Uathoibríoch:**
  Tá córais LED atá tíosach ar fhuinneamh curtha in ionad soilsiú traidisiúnta i roinnt ionad. Ina theannta sin, tá braiteoirí múchta uathoibríoch suiteáilte chun úsáid leictreachais neamhriachtanach a chosc, rud a laghdaíonn tomhaltas fuinnimh tuilleadh.
- **Uasghráduithe ar Chórais Bainistíochta Foirgnimh (BMS):**
  Tá feabhas curtha ag uasghráduithe agus cothabháil spriocdhírithe ar BMS ar fud na saoráidí ar éifeachtúlacht an chórais agus ar bhainistíocht breosla, rud a chinntíonn úsáid fuinnimh níos cliste ar fud na bhfoirgneamh ar fad.

Leagann na hiarrachtaí seo béim ar thiomantas láidir ETB Dhún na nGall don inbhuanaitheacht, don éifeachtúlacht oibríochtúil agus don fhreagracht chomhshaoil.

**Ag an am céanna, tá Foirne Glasa bunaithe i go leor scoileanna agus ionad. Tá na foirne seo gníomhach leis an chlár náisiúnta Foirne Glasa, a dhíríonn ar dhá phríomhchuspóir:**

- Tionchar a imirt ar chinnteoireacht i gcomhlachtaí earnála poiblí trí thosaíochtaí aeráide agus comhshaoil a leabú.
- Cleachtais inbhuanaithe a spreagadh i measc na foirne ag an obair agus sa tsaol laethúil araon.

  Trí na spriocanna seo a chur chun cinn, tá Foirne Glasa ag cuidiú le cultúr inbhuanaitheachta a chothú ar fud ETB Dhún na nGall.

**Laistigh den Soláthar Glas, aimsímid samplaí cruthaitheacha de chleachtais inbhuanaitheachta atá ag déanamh difríochta, cosúil le:**

- Pacáistiú agus uirlisí 100% in-mhúirínithe do bhéilí scoile.
- Páipéar a stialladh faoi chonarthaí stáiseanóireachta a athchúrsáil chun leaba a dhéanamh d'ainmhithe.
- Busanna scoile a ní le huisce báistí bailithe.

**Tugann sé seo blas beag ar na bealaí ina bhfuil ETB Dhún na nGall ag imirt a pháirt in iarracht dul i ngleic le héifeachtaí an athraithe aeráide. Níl aon amhras ach gur príomhfhócas na heagraíochta é seo sna blianta amach romhainn agus go mbeidh sé mar phríomhfhócas againn sna blianta amach romhainn agus muid ag obair i dtreo ár spriocanna do 2030 agus 2050 a bhaint amach.**

## 4.3 Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

**Éilíonn Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ghá atá le hidirdhealú a dhíchur, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint ina bhfeidhmeanna uilig, faoi Alt 42 d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Cuimsíonn sé seo Dualgas 'foriomlán' chun fócas ar chomhionannas agus ar chearta an duine a ionchorprú i gcinnteoireacht, agus Dualgas 'straitéiseach' chun pleananna, beartais agus gníomhartha a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine.**

Tá plean cur chun feidhme forbartha againn mar chreat chun an Dualgas a chur i bhfeidhm. Tá sé seo fréamhaithe inár luachanna comhionannais agus cearta an duine: meas, guth, rogha, cuimsiú, agus rannpháirtíocht. Ullmhaítear plean Dualgais bliantúil ag tús gach bliain ina bhfuil céimeanna sonracha le glacadh chun cur i bhfeidhm an Dualgais a chur chun cinn.

Le linn 2024, chuir muid an Dualgas 'foriomlán' i bhfeidhm trí mheasúnú tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine a dhéanamh agus na nithe seo a leanas á uasdátú agus á n-athbhreithniú againn: polasaí Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe, polasaí Oibríochta Earcaíochta agus Coinneála, polasaí Guth na Mac Léinn, polasaí Rochtana, Aistrithe agus Dul Chun Cinn (tosaithe), agus polasaí scoile Bí Cineálta (tosaithe).

Lean muid orainn ag cur an Dualgais 'straitéisigh' i bhfeidhm trí réimse pleananna, polasaithe agus gníomhartha leanúnacha a dhíríonn go sonrach ar rochtain, rannpháirtíocht agus cuimsiú bhaill de na grúpaí aitheanta don Dualgas, mar mhic léinn agus mar fhoireann.

Chun cur i bhfeidhm an Dualgais a chumasú, lean muid orainn ag tionól grúpa oibre ardleibhéil chun an chur i bhfeidhm a thiomáint. Chuir muid oiliúint agus eolas ar an Dualgas ar fáil do bhaill foirne ar fud rannóga éagsúla den eagraíocht mar chuid de chlár leanúnach oiliúna, ag obair leis an tionscadal Smaoinigh ar Chomhionannas.

## 4.4 Cothromaíocht Inscne i mballraíocht an Bhoird

**Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 21 ball ag an Bhord agus ba mhná 24% díobh agus b'fhir 76% díobh, agus ní raibh post folamh ar bith ann. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais fá dtaobh d'ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit.**

Tá comhdhéanamh Bhord ETB Dhún na nGall leagtha amach le reacht in Alt 30 d'Acht ETB 2013. Dá bhrí sin, tá raon feidhme teoranta ag an Bhord chun cothromaíocht inscne a bhaint amach. Tugann an Bord aird ar chothromaíocht inscne sna réimsí teoranta ina bhfuil ról aige i ndáil le ceapacháin chuig an Bhord.

## 4.5 An Ghaeilge

**Soláthraíonn Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021 creat reachtúil chun seirbhísí poiblí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Is é príomhchuspóir Acht 2021 a chinntiú go gcuirfear feabhas ar sholáthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge trí oibleagáidí reachtúla nua a bheith ar gach comhlacht poiblí.**

Faoi Alt 4 (b) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, tá sé de dhualgas ar cheann comhlachta phoiblí ball foirne a cheapadh, ón bhainistíocht shinsearach, chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar thuairisciú oibleagáidí faoin Acht. Tá Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta ceaptha ag ETB Dhún na nGall mar Oifigeach Sinsearach atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar thuairisciú a oibleagáidí faoin Acht.

### Le linn 2024, rinne ETB Dhún na nGall dul chun cinn sna réimsí seo a leanas:

- Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí faoi Alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 ar a laghad 20% dá bhfógraíocht bhliantúil a dhéanamh i nGaeilge. Mar sin de, is gá 5% ar a laghad den bhuiséad fógraíochta bliantúil a chaitheamh le heagraíocht meán Gaeilge.
  Tá céatadán níos airde comhlíontachta bainte amach ag ETB Dhún na nGall sa dá réimse sa mhéid is go ndéantar níos mó ná 20% den fhógraíocht bhliantúil i nGaeilge agus go gcaitear níos mó ná 5% den bhuiséad fógraíochta ar fhógraíocht i nGaeilge ar na meáin chumarsáide Gaeilge.
- Freagraítear cumarsáid i scríbhinn nó trí ríomhphost nó ar na meáin shóisialta sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.
- Foilsítear doiciméid ina leagtar amach tograí polasaí phoiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise ag an am céanna i nGaeilge agus i mBéarla.
- Úsáidtear stáiseanóireacht agus comharthaíocht laistigh den reachtaíocht.
- I gcás lógónna nua, nó lógónna atá athnuaite nó athraithe, rinne muid cinnte go bhfuil an téacs i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla araon.
- Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe againn le haghaidh comhfhreagrais fá dtaobh den reachtaíocht. Déantar monatóireacht leanúnach ar an tseoladh ríomhphoist seo.
- Tá oiliúint fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil sa Ghaeilge ar fáil do bhaill foirne laistigh den eagraíocht.

**Tá ETB Dhún na nGall tiomanta dá oibleagáidí faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021 a chomhlíonadh agus úsáid ár dteanga oifigiúla a spreagadh ar fud na heagraíochta.**

**5.1** Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora Bharrfheabhsú
**5.2** Tacaíocht Foirne
**5.3** Rialachas
**5.4** Tosaíochtaí Straitéiseacha Sonracha



# 05

# Cur i bhFeidhm Spriocanna Straitéiseacha 2024

# Eascraíonn na héachtaí atá leagtha amach thíos ón Ráiteas Straitéise 2022–2026 a leagann amach na tosaíochtaí agus na cuspóirí ardleibhéil a bhfuil sé mar aidhm againn a bhaint amach thar shaolré an Ráitis.

Eascraíonn gach tuarascáil bhliantúil ón Ráiteas Straitéise a leagann amach an dul chun cinn atá déanta fá dtaobh de bhaint amach na gcuspóirí agus na spriocanna mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise.

# 5.1: Sprioc
## Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú



| | |
|---|---|
| **Tosaíocht 1** | Eispéireas foghlama dearfach a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe. |
